



Lucsamburg, **MAR 20 2018**

TAG.: **CDT-ACIII-2018/01**
CÚNTÓIR SOLÁTHAIR PHOIBLÍ
GRÁD: **FG III**
ROINN: **AN ROINN RIARACHÁIN**
ÁIT FOSTAÍOCHTA: **LUCSAMBURG**

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun freastal ar riachtanais na Roinne Riaracháin, agus ar riachtanais na Rannóige Gnóthaí Dlí go sonrach, tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun liosta ionadaithe a bhunú óna n-earcófar ball foirne ar conradh mar chúntóir soláthair phoiblí.

CINEÁL NA DTASCANNA

Agus é/í ag tuairisciú go díreach do Cheann na Rannóige Gnóthaí Dlí, beidh an t-iarrthóir a roghnófar freagrach as na tascanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- Cabhrú leis an gCeann Rannóige sna réimsí freagrachta sin a bhaineann le bainistíocht soláthair, go háirithe sna réimsí tacaíochta, agus na nósanna imeachta riaracháin atá i bhfeidhm á leanúint; cabhrú le doiciméid dlí a dhréachtú agus moltaí feabhais a chur ar aghaidh chun a chinntiú go ndéanfar gníomh leantach riaracháin atá éifeachtúil ar na tionscadail éagsúla a mbainistíonn an rannóg iad agus go mbeidh leanúnachas ann sna tionscadail sin;
- Cabhrú le bainistiú a dhéanamh ar ghlaonna na rannóige le haghaidh tairiscintí agus le gníomh leantach a dhéanamh ar a gníomhaíochtaí;
- Bainistiú agus gníomh leantach a dhéanamh ar chonarthaí a eascraíonn as glaonna le haghaidh tairiscintí nó as socruithe dlíthiúla eile a bhaineann leis an Ionad Aistriúcháin;
- Faisnéis faoi chonarthaí a chur isteach sna bunachair shonraí agus bainistíocht na faisnéise sin a chinntiú trí chomhsheasmhacht na faisnéise airgeadais a sheiceáil agus na bunachair shonraí éagsúla a shioncronú chun iad a choinneáil cothrom le dáta;

- Gníomhaíochtaí tacaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear comhairle a chur ar fáil san Ionad maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an rannóg; doiciméid riaracháin a fháil, a sheiceáil agus a phróiseáil; déileáil le comhpháirtithe seachtracha éagsúla chun láimhseáil comhad a éascú; comhfhreagras ginearálta na rannóige (litreacha, nótaí, miontuairiscí, deimhnithe, srl.) a dhréachtú chun rannchuidiú le feidhmiú réidh na seirbhíse; post isteach agus post amach a chlárú; doiciméid éagsúla (comhfhreagras, conarthaí, leasuithe, tairiscintí, srl.) a rangú agus a chartlannú.

1. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN:

Chun bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh faoin **APR..2.D.2018**..... 2018, an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach:

a) CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA:

- a bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;
- cáilíochtaí: iar-mheánoideachas atá fianaithe le diplóma a bheith aige/aici,

nó

meánoideachas atá fianaithe le diplóma lena dtugtar rochtain ar iar-mheánoideachas a bheith aige/aici agus taithí ghairmiúil chuí trí bliana ar a laghad a bheith aige/aici;

- scileanna teanga: eolas críochnúil ar cheann de theangacha an Aontais agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais, a mhéid is gá chun na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh.

b) INNIÚLACHTAÍ TEICNIÚLA RIACHTANACHA:

- Tar éis dóibh na cáilíochtaí agus an taithí ghairmiúil thuasluaite a ghnóthú, ní mór d'iarratasóirí taithí ghairmiúil lánaimseartha trí bliana ar a laghad a bheith acu, ar gnóthaíodh 12 mhí ar a laghad di i bpost den chineál céanna (féach cineál na dtascanna atá sonrach don phost).

c) INNIÚLACHTAÍ TEICNIÚLA INMHIANAITHE:

- eolas an-mhaith ar Fhraincis nó Béarla agus eolas sásúil ar Bhéarla nó Fraincis (labhartha agus scríofa);
- taithí ghairmiúil a gnóthaíodh in eagraíocht Eorpach nó idirnáisiúnta;
- taithí ghairmiúil ar rialacháin Eorpacha i réimse an tsoláthair phoiblí, agus eolas ar fhoclóir an dlí;
- sáreolas ar uirlisí TF (Excel, Word, PowerPoint, srl.).

d) INNIÚLACHTAÍ NEAMHTEICNIÚLA RIACHTANACHA:

- Cumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal: dea-scileanna dréachtaithe agus achoimrithe; an cumas chun dea-chumarsáid a dhéanamh le daoine ar gach leibhéal (inmheánach agus seachtrach) agus i dtimpeallacht ilteangach.
- Scileanna idirphearsanta: an cumas chun obair ina n-aonar agus mar chuid d'fhoireann.
- Tuiscint ar fhreagracht: discréd, rúndacht, beachtas, éifeachtúlacht, infhaighteacht, agus poncúlacht.

- Scileanna eagrúcháin: an cumas chun cúraimí éagsúla a bhainistiú agus chun tosaíochtaí a leagan síos; cur chuige críochnúil; an cumas chun dul ar aghaidh leat féin agus obair a dhéanamh; solúbthacht.
- Inoiriúnaitheacht: an cumas chun cabhrú le daoine eile agus chun obair go maith faoi bhrú; an cumas chun scileanna nua a fhoghlaim agus chun oiriúnú d'fhorbairtí.

Déanfar na scileanna sin a mheasúnú sa triail scríofa agus san agallamh (féach pointe 2(b)(i) agus (ii) thíos).

2. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN:

a) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN:

Cuirfear an chéim réamhroghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

- beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta thuasluaite (pointe 1.a) agus is é an aidhm atá léi a dhearbhú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta riachtanacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na riachtanais sin.
- cuirfear taithí ghairmiúil agus pointí eile atá luaite faoi 'Inniúlachtaí teicniúla riachtanacha' (pointe 1.b) san áireamh sa dara cuid. Déanfar an chuid seo a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 10).

Tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin cuireadh don deichniúr iarratasóirí a n-éiríonn leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a ghnóthaíonn na marcanna is airde chun tabhairt faoi thriail scríofa agus chun agallamh a dhéanamh.

b) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN:

Leanann an chéim roghnúcháin an nós imeachta a ndéantar cur síos air thíos. Cuirfear an chéim seo i gcrích ina dhá cuid:

(i) Triail scríofa (i mBéarla nó i bhFraincis) ina bhfuil na nithe seo a leanas:

- 15 cheist ilroghnacha chun measúnú a dhéanamh ar eolas na n-iarratasóirí ar réimse an tsoláthair phoiblí. An t-am a cheadaítear: 30 nóiméad.
- Cás-staidéar chun measúnú a dhéanamh ar scileanna scríbhneoireachta, scileanna anailíseacha agus eolas na n-iarrthóirí ar réimse an tsoláthair phoiblí. An t-am a cheadaítear: 1 uair agus 30 nóiméad.

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc. Bronnfar 10 bpointe as an triail ceisteanna ilroghnacha i réimse an tsoláthair phoiblí agus bronnfar 10 bpointe as an gcás-staidéar (pasmharc comhiomlán:12).

Féadfaidh na hiarratasóirí an triail scríofa a dhéanamh i mBéarla nó i bhFraincis. Tabhair do d'aire le do thoil nach mór d'iarratasóirí a bhfuil Fraincis mar phríomhtheanga acu na trialacha a dhéanamh i mBéarla agus nach mór dóibh siúd a bhfuil Béarla mar phríomhtheanga acu Fraincis a roghnú.

- (ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar chumas na n-iarratasóirí chun na dualgais atá sonraithe thuas a chomhlíonadh. Díreofar san agallamh freisin ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar na hinniúlachtaí atá liostaithe faoi phointí 1.b, c agus d. Déanfar an t-agallamh ar an lá a dhéanfar an triail scríofa nó ar an lá (na laethanta) ina dhiaidh. An t-am a cheadaítear: thart ar 40 nóiméad.

Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 20 marc (pasmharc: 12)

Déanfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg.

A luaithe atá an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnúcháin liosta ionadaithe a chuimseoidh na hiarratasóirí rathúla in ord aibítre. Is iad na hiarratasóirí rathúla na hiarratasóirí sin a ghnóthaíonn pasmharc comhiomlán sa triail scríofa mar aon le pasmharc san agallamh (féach pointí (i) agus (ii)). Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach gcinntítear tairiscint poist trí áit a bheith acu ar liosta ionadaithe.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtugtar cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh, ní mór dóibh na doiciméid tacaíochta ábhartha a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais a sholáthar ar lá an agallaimh. Áirítear leis na doiciméid sin cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid tacaíochta eile ina gcruthaítear a gcáilíochtaí agus a dtaithe ghairmiúil agus ina dtaispeántar go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, an post agus cineál beacht a ndualgas, srl.

Mar sin féin, sula bhféadfar conradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha ina gcruthaítear critéir incháilitheachta a chur ar fáil.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go ceann 12 mhí ó dháta a bhunaithe agus féadfar an tréimhse sin a shíneadh faoi rogha Údarás an Ionaid Aistriúcháin atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

3. EARCAÍOCHT:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint don iarratasóir rathúil de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfadh go gcuirfí ceangal ar an iarratasóir rathúil iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Earcófar na hiarratasóirí roghnaithe chuig feidhmghrúpa III. Is ionann an buntuarastal míosúil do ghrád 8 (céim 1) agus EUR 2 659.17. Mar aon leis an mbuntuarastal, d'fhéadfadh go mbeadh baill foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, mar shampla liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), srl.

Lena chois sin, le bheith incháilithe agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi leis an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na gcúraimí atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)¹;
- dul faoi scrúdú dochtúra arna eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun ceanglais Airteagal 28(e) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

4. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS:

Ní mór d'iarratasóirí ar spéis leo an post seo a n-iarratas ar líne a chomhlánú sula rachaidh an dáta deiridh in éag.

Molaimid go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. Tarlaíonn sé in amanna gur rólódáilte atá an córas sna laethanta roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann iarratas a dhéanamh faoin dáta deiridh.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus earcaíonn sé iarratasóirí beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó claonadh gnéasach, míchumas, stádas pósta ná staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Ceanglófar ar an sealbhóir poist dearbhú a thabhairt ar an tiomantas atá aige/aici do ghníomhú go neamhspleách le leas an phobail agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leasanna atá aige/aici a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA:

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí atá den tuairim go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin tuilleadh sonraí a thabhairt dó/di faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach larscríbhinn 1).

IARRATAÍ Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINNEANN LEO

Tá an ceart sonrath ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena

¹ Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanann an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarrataí den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin laistigh de mhí amháin ó cuireadh a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin in iúl dóibh. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Déileálfar le hiarrataí agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnúcháin faoi na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin (mar chomhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarratasóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L 8 an 12.01.2001).

Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) am ar bith.

Féach le do thoil an fógra príobháideachta sonracha.

larscríbhinn 1 **Iarrataí ar Athbhreithniú – Nósanna Imeachta Achomhairc – Gearáin leis an Ombudsman Eorpach**

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair faoi deara go bhfuil na himeachtaí uile faoi rún. Más rud é ag aon chéim den nós imeachta roghnúcháin seo go measann iarratasóirí go raibh dochar déanta dá gcuid leasanna ag cinneadh ar leith, féadfaidh siad an gníomh seo a leanas a dhéanamh:

I. IARRATAÍ AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Litir ina n-iarrtar tuilleadh faisnéise nó athbhreithniú agus ina leagtar a n-argóint amach a sheoladh chuig:

Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin CDT-ACIII-2018/01

An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Drosbach
Oifig 3076
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir inar cuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Féadfar gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

**An tÚdarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích
CDT-ACIII-2018/01**

An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Drosbach
Oifig 3076
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

Na teorainneacha ama chun an dá chineál seo de nós imeachta a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287 an 29.10.2013, lch. 15 – <http://eur-lex.europa.eu/oj/direct-access.html?locale=en>), tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin gníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí a thabhairt i gcrích aon chinneadh ó Choiste Roghnúcháin a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag Coistí Roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnúcháin.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh leis an duine seo a leanas:

An tOmbudsman Eorpach

1 avenue du Président-Robert-Schuman – BP 403

F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearán a dhéanamh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse sin faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin le do thoil nach mór go ndearnadh na cineálacha cur chuige cuí leis na hinstiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéantar gearán ar bith leis an Ombudsman de réir Airteagal 2(4) de Chinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman.